# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2014

---

# LAIDIN – ARDLEIBHÉAL

(400 marc)

---

**DÉARDAOIN, 19 MEITHEAMH, MAIDIN 9.30 – 12.00**

---

**1.** **[80]**

**(i)** Cuir Gaeilge ar:- (50)

“Mene fugis? per ego has lacrimas dextramque tuam te
(quando aliud mihi iam miserae nihil ipsa reliqui),
per conubia nostra, per inceptos hymenaeos,
si bene quid de te merui, fuit aut tibi quicquam
dulce meum, miserere domus labentis et istam,
oro, si quis adhuc precibus locus, exue mentem.
saltem si qua mihi de te suscepta fuisset
ante fugam suboles, si quis mihi parvulus aula
luderet Aeneas, qui te tamen ore referret,
non equidem omnino capta ac deserta viderer.”
dixerat. ille Iovis monitis immota tenebat
lumina et obnixus curam sub corde premebat.

**VEIRGIL**

**(ii)** Freagair **trí cinn ar bith** de na ceisteanna seo a leanas. (30)
(Tá deich marc ag dul le gach ceist díobh).

**(a)** Mínigh conas a tharla go bhfuil Aeinéas i gcaidreamh le Díodó.
**(b)** Mínigh cén fáth a bhfuil Díodó á tréigean ag Aeinéas anois.
**(c)** An bhfuil trua agat do Dhíodó sa sliocht seo? Tabhair **dhá** chúis le do fhreagra.
**(d)** An bhfuil comhbhá agat le hAeinéas sa sliocht seo? Tabhair **dhá** chúis le do fhreagra.
**(e)** Mínigh conas mar atá giúmar Dhíodó an-difriúil i sliocht eile ar do chúrsa ón Aeinéid le Veirgil.
**(f)** Scríobh cuntas gearr ar shaol agus ar shaothar Veirgil.

**2.** Cuir Gaeilge ar an sliocht thíos:- **[80]**

*(Chuir aicíd uafásach iallach ar na Rómhánaigh cabhair a lorg ó Apalló i nDeilfe. Rinne sé iad a threorú chuig a mhac, Aescaláipias, in Eipeadáras.)*

Olim morbus dirus multos Romanos necabat. Quod nihil contra hunc morbum ipsi facere poterant, auxilium a deis petiverunt. Romani legatos Delphos miserunt ut oraculum Apollonis audirent. E medio templo haec vox audita est: ‘non ad me sed ad filium meum adire debetis, Romani.’

Cum legati haec Romam rettulissent, senatores eos iterum emiserunt, qui domum filii Apollonis, Aesculapii nomine, quaererent. Mox legati cognoverunt eum Epidauri habitare.

Romani simulac cognoverunt Aesculapium Epidauri habitare, navem trans mare ad illam urbem miserunt. In nave erant legati eorum.

| | | |
|---|---|---|
| dirus: *uafásach* | oraculum: *oracal* | iterum: *arís* |
| quaero: *lorgaím* | simulac: *chomh luath agus* | trans: *trasna* |

**3.** Léigh an sliocht seo a leanas agus freagair **deich gcinn ar bith** de na ceisteanna ina dhiaidh. (Tá ocht marc ag dul le gach ceist). **[80]**

*(Rinne na Rómhánaigh iarracht a chur ina luí ar mhuintir Eipeadáras a ndia Aescaláipias a thabhairt dóibh)*

Postquam legati Epidaurum intraverunt, decuriones arcessiverunt. Legati decuriones oraverunt ut deum suum Romanis darent, qui populum morientem servaret. Alii decuriones statim consenserunt, alii deum tradere noluerunt. Per totum diem ita contenderunt.

Illa nocte, dum omnes dormiunt, Aesculapius uni ex legatis in somnio apparuit, sceptrum tenens. 'Noli timere,' inquit; 'imagine mea hic relicta, ipse libenter vobiscum veniam. Hanc serpentem specta, quae circum sceptrum meum est; sic me cognoscere poteris: nam ego in serpentem me vertam, sed maior hac serpente ero.' His verbis dictis, deus abiit.

| | | |
|---|---|---|
| decurio: *comhairleoir baile* | arcesso: *glaoim ar* | consentio: *aontaím* |
| contendo: *déanaim argóint* | somnium: *brionglóid* | sceptrum: *ríshlat* |
| imago: *cosúlacht* | libenter: *le fonn* | serpens: *nathair* |
| circum: *timpeall* | verto: *athraím* | |

**(i)** Cad a rinne na hambasadóirí nuair a shroich siad Eipeadáras?
**(ii)** Cad a d'iarr siad ar na comhairleoirí baile a dhéanamh?
**(iii)** Cén fáth ar iarr siad é seo orthu?
**(iv)** Cad a rinne roinnt de na comhairleoirí baile?
**(v)** Cad é nár theastaigh ó na comhairleoirí eile a dhéanamh?
**(vi)** Cá fhad a raibh siad ag argóint faoi?
**(vii)** Cad a tharla i rith na hoíche nuair a bhí gach duine ina chodladh?
**(viii)** Cad a dúirt Aescaláipias go ndéanfadh sé?
**(ix)** Conas mar a dúirt sé go n-aithneodh na Rómhánaigh é?
**(x)** Cén chaoi a mbeadh sé difriúil ón nathair?
**(xi)** Cad a rinne an dia nuair a bhí na rudaí sin ráite aige?
**(xii)** Cén cineál clásail é *ut deum suum Romanis darent* (líne 2)? Cén aimsir agus modh ina bhfuil an briathar?
**(xiii)** Tabhair príomhranna **dhá cheann ar bith** de na briathra seo a leanas ón sliocht thuas:-

oro, do, nolo, dormio, possum.

**(xiv)** Tabhair Tuiseal Ginideach, Uimhir Uatha **trí cinn ar bith** de na hainmfhocail seo a leanas ón sliocht thuas:-

legatus, deus, dies, nox, verbum.

**4.** Freagair Roinn A **nó** Roinn B. (Tá ochtó marc ag dul le gach roinn). **[80]**

**A.** Cuir Laidin ar:-

**(a)** Bhí Arion in ann canadh chomh maith sin gur choinnigh sé greim ar an uisce reatha lena ghlór. (16)

**(b)** Chuaigh sé chuig go leor cathracha chun airgead a thuilleamh lena ghlór. (16)

**(c)** Nuair a bhí a lán airgid tuillte aige shocraigh sé go bhfillfeadh sé abhaile. (16)

**(d)** Sa tSicil d'ordaigh sé do mhairnéalaigh seoladh amach leis chuig an Ghréig. (16)

**(e)** Rinne na mairnéalaigh iarracht é a mharú mar theastaigh uathu a chuid airgid a ghoid. (16)

*a thuilleamh*: quaero, quaerere, quaesivi, quaesitum *an tSicil*: Sicilia, -ae, *b.*
*an Ghréig*: Graecia, -ae*, b.*

**NÓ**

**B.** Cuir Gaeilge ar an sliocht thíos:-

*(Thug Cúipid ar Apalló titim i ngrá le Daifne ach ag an am céanna thug sé ar Dhaifne Apalló a dhiúltú)*

Olim Apollo, per silvas iter faciens, Cupidinem conspexit. Cupido arcum habebat. Apollo, qui sagittarius optimus erat, eum iussit arcum deponere: 'tu non sagittarius es,' inquit, 'sed parvus puer.' Cupido iratus sagittam in Apollonem misit, ut puellam, quam primam vidit, amaret.

Ecce! In mediis silvis ambulabat Daphne! Simulac eam conspexit, Apollo amore incensus, ad eam cucurrit. Cupido autem alteram sagittam habebat, quae amorem deleret. Hanc sagittam in Daphnen misit. Ea igitur, cum deum appropinquantem vidisset, fugit. Apollo eam orabat ut consisteret, sed puella audire noluit.

| | | |
|---|---|---|
| arcus: *bogha* | sagittarius: *boghdóir* | sagitta: *saighead* |
| simulac: *chomh luath agus* | consisto: *fanaim gan bogadh* | |

**5. Stair na Róimhe, 264 – 44 R.Ch.** Freagair Roinn A **agus** Roinn B. **[40]**

**A.** Tabhair faoi **chúig cinn ar bith** de na ceisteanna seo a leanas. Ná bíodh níos mó ná abairt nó dhó i ngach freagra. (20)

- **(i)** Cén tábhacht a bhain le cath na nOileán Aegates in 241 R.Ch.?
- **(ii)** Mínigh conas mar a tháinig an Dara Cogadh Púnach as an ionsaí a rinne Hannabal ar Saguntum.
- **(iii)** Conas mar a chabhraigh Airciméidéas chun Sioracús a chosaint? Cad a tharla dó nuair a ghabh na Rómhánaigh an chathair in 211 R.Ch.?
- **(iv)** Cad ba *latifundia* iontu? Conas mar a d'imir siad tionchar ar an Róimh?
- **(v)** Cérbh iad na Cimbri agus na Teutones? Cad a tharla dóibh?
- **(vi)** Conas mar a fuair Sulla aitheantas mar cheannaire míleata i dtosach?
- **(vii)** Déan cur síos ar **dhá** leasú a rinne Mairias san arm Rómhánach.
- **(viii)** Cérbh iad an triúr fear sa Chéad Triúracht in 60 R.Ch.?
- **(ix)** Cén tábhacht a bhain le Caesar ag trasnú an Rubicon in 49 R.Ch.?
- **(x)** Cén fáth ar theith Poimpéas chuig an Éigipt? Cad a tharla dó ann?

**B.** Deich mbliana tar éis bhás a dhearthár, lean **Gaius Gracchus** a lorg polaitiúil agus fuair sé féin bás go foréigneach freisin.
Déan cur síos ar na príomheachtraí ina ghníomhréim. (20)

**NÓ**

Chuir saighdiúirí Mharcais Antaine críoch bhrúidiúil le beatha **Chiclearó** in 43 R.Ch.
Scríobh cuntas ar na príomhchéimeanna i ngníomhréim **Chicearó**. (20)

**6.** **Saol Sóisialta agus Sibhialtacht na Rómhánach.** Freagair Roinn A **agus** Roinn B. **[40]**

**A.** Tabhair faoi **chúig cinn** de na ceisteanna seo a leanas. Ná bíodh níos mó ná abairt nó dhó i ngach freagra. (20)

**(i)** Cén cuspóir a bhí le *bulla*?
**(ii)** Cén cineál foirgnimh ab ea *insula?* Luaigh **dhá** mhíbhuntáiste a bhain le cónaí i gceann.
**(iii)** Cén ról a bhí ag *praetor* sa stát Rómhánach?
**(iv)** Cad ba *triclinium* ann? Déan cur síos ar a phríomhghnéithe.
**(v)** Cad ba *fasces* ann? Cad dó ar sheas siad?
**(vi)** Luaigh na **trí** chuid in ainm an tsaoránaigh Rómhánaigh. Tabhair sampla d'ainm dá leithéid.
**(vii)** Cad ba hipeacóst ann? Déan cur síos ar a phríomhghnéithe.
**(viii)** Cén ról a bhí ag *grammaticus* i sochaí na Róimhe?
**(ix)** Ainmnigh **dhá** chineál gliaire. Déan cur síos ar conas mar a bhí gach ceann díobh armáilte.
**(x)** Cén ról a bhí ag *materfamilias* i dteaghlach Rómhánach?

**B.** Féach ar an léiriú thíos de *lararium* as Teach na Vettii i bPoimpé agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh:- (20)



**(i)** Cá háit i dteach Rómhánach a mbeifeá ag súil le *lararium* a fheiceáil de ghnáth? (2)

**(ii)** Cén fheidhm a bhí ag *lararium?* Cad ba *Lares* agus *Penates* ann? (6)

**(iii)** Samhlaigh gur buachaill nó cailín Rómhánach tú. Iarradh ort nósanna reiligiúnacha na Rómhánach a mhíniú do chairde sna cúigí.
Scríobh litir ina n-áirítear eolas faoi na déithe agus na bandéithe móra; na Maighdeana Veisteacha; íobairt agus *augur* agus *haruspex*. (12)

Tógadh an léaráid do Cheist.6B ó www.utexas.edu/courses/Italianarch/pompeii

Leathanach Bán

Leathanach Bán

Leathanach Bán